

# AN LÉANN CEILTEACH SAN OSTAIR

DAVID STIFTER

Tá difríocht shuntasach amháin ann idir an Léann Ceilteach sa Ghearmáin – thír lenar bhain líon sonrach de scoláirí iomráiteacha Ceiltise ón naoú haois déag anuas – agus san Ostair: níor bhain oiread agus scoláire iomráiteach Ceiltise leis an Ostair go dtí le dhá ghlúin anuas.<sup>1</sup> Dealraíonn sé nach bhfuil ach aon eisceacht amháin ón méid seo: Julius Pokorny, ach is féidir Pokorny a chomhaireamh i measc scoláirí na Gearmáine agus ní i measc scoláirí na hOstaire. Is ar éigean a deir Seán Ó Lúing, mar shampla, aon fhocal faoin Ostair agus faoi scoláirí na hOstaire ina leabhar faoin Léann Ceilteach san Eoraip.<sup>2</sup> Toisc nach ndearnadh tuairisc uileghabháilach ar imeachtaí an Léinn Cheiltigh san Ostair roimhe seo, is feiliúnach an rud é, ar an gcéad dul síos, cnuasach cuimsitheach de scoláirí Ostaracha a raibh nó a bhfuil suim acu i ngnéithe den Léann Ceilteach a chur i láthair. Is fearr focail tosaigh a rá fúthusan, agus is fearr stair an Léinn Cheiltigh san Ostair ina hiomláine a chur i láthair agus na bealaí difriúla a ndeachaigh an Léann Ceilteach a thaispeáint, seachas mionchuntas a thabhairt ar dhaoine ar leith. I ndeireadh an ailt, bainfear triail as léargas a thabhairt ar threonna an Léinn Cheiltigh san Ostair. Táthar ag súil go soláthróidh an suirbhé seo pointe tosaigh do shainscrúduithe ar scoláirí ar leith amach anseo.

## An Naoú hAois Déag

Cé go raibh suim mhór i rudaí Ceilteacha sa Ghearmáin sa naoú haois déag, is deacair duine ar bith a aimsiú san Ostair a rinne fíorstaídéar ar na teangacha Ceilteacha nó a raibh fíoreolas ar bith

1 Na rudaí a bhfuiltear ag caint fúthu san alt seo, bailíodh agus fuarthas amach iad trí imscrúdú leabhar agus alt speisialta, ó leathanaigh idirlín, agus trí chomhrá a dhéanamh le comhghleacaithe i Vín. Is mó an trua nach raibh deis agam go fóill diantaighde cui a dhéanamh faoi ábhar an ailt seo i gCartlann na hOllscoile, Vín. Gabhaim búfochas le Helmut Birkhan agus Corinna Scheungraber as cuidí liom, agus go speisialta le Brian Ó Catháin as treorú a thabhairt dom maidir le cursaí Gaeilge.

2 Féach Ó Lúing (2000).

aige orthu ag an am sin. Ní féidir ach dornán scoláirí a ainmniú, agus, de ghnáth, is suim imeallach sna teangacha Ceilteacha a bhí acu siúd, suim a shaothraigh siad lasmuigh dá gcuid gnáthghairmeacha.

Is é Stephan Ladislaus Endlicher an chéad duine nach foláir trácht air a dhéanamh: fear an-suimiúil agus fíor-ildánaach. Rugadh sa bhliain 1804 é, thart faoin uair a rugadh an Gearmánach Johann Kaspar Zeuss i Franconia, agus é ina bhunaitheoir ar an teangeolaíocht nua-aimseartha Cheilteach. Ach an oiread le Zeuss, bhí saol sách gairid ag Endlicher. Fuair sé bás nó, rud is dóichí, chuir sé lámh ina bhás féin in 1849, tar éis é féin a scrios ar son na healaíne, agus gan fáil a bheith aige arís ar an aitheantas acadúil a bhraith sé uaidh. Rugadh é ní fada ó Vín i Pressburg, nó i Pózsony mar a deirtí as Ungáiris, mar ba chuid den Ungáir an chathair an uair sin, nó i Bratislava, mar a deirtear sa lá atá inniu ann. Tá an chosúlacht ar an scéal go raibh Endlicher dátheangach, nó fiú trítheangach, ó bhí sé ina leanbh, is é sin le rá go raibh an Ghearmáinis, an Ungáiris agus, b'fhéidir, an tSlóvacais aige. Léirítear bua mór na teangeolaíochta a bhí aige trí líon na dteangacha a phléitear sna leabhair a d'fhoilsigh sé le linn a bheatha. Chuir sé in eagair téacsanna Sean-Ghearmáinise agus Sean-Ungáirise, go háirithe téacsanna a bhaineann le luathstair dhlíthiúil na hUngáire. Chuir sé le chéile catalóga de leabhair as Sínis agus as Seapáinis a bhí ar coiméad i Leabharlann Impiriúil Vín. Chum sé an chéad ghraiméar Sínise as Gearmáinis agus bhí príomhról aige i mbunú Acadamh na nEalaón i Vín cé nár bronnadh uachtaránacht an Acadaimh air, rud ab áil leis.<sup>3</sup> Ina áit sin, tugadh céaduachtaránacht an Acadaimh do Joseph von Hammer-Purgstall, teangeolaí mór eile a raibh saineolas aige ar theangacha an Oirthir. Ina dhiaidh sin is uile, ba í an luibheolaíocht príomhghairm Endlicher: b'eisean an té, mar shampla, a thug an t-ainm eolaíoch *Sequoia* ar *Redwood Tree* na Calafóirne agus chuir sé athchaoi ar Luibhghairdín Ollscoil Vín.

Is dóigh go mbeadh ionadh mór ar an bhfeir féin dá mbeadh a fhios aige go gcuimhneofaí air sa lá atá inniu ann i ngeall ar an Léann Ceilteach. Nuair a bhí sé ag obair mar choimeádaí na lámhscribhinní i Leabharlann Impiriúil Vín – post eile a bhí aige – rinne sé clárú ar na lámhscribhinní Clasaiceacha a bhí ann. Fuair sé piosa

<sup>3</sup> Is ionann 'Acadamh na nEalaón' anseo agam, agus san alt trí chéile, agus *Österreichische Akademie der Wissenschaften* (ÖAW).

gearr téacs a measc a bhfuil an teideal *De Nominibus Gallicis* air, i.e. ‘Ainmneacha na Gaillise.’ Seo é an t-aon fhoclóirín dátheangach Gaillis-Laidine dá bhfuil ann, agus is fianaise shainiúil antábhachtach ar an nGaillis dhéanach é.<sup>4</sup> Is cosúil nár léir amach is amach d’Endlicher féin cén fiúntas a bhain leis an téacs gairid seo agus níor tuigeadh an téacs i gceart go dtí tar eis bhás Endlicher, agus tugtar *Endlichers Glossar* (‘Gluais Endlicher’) air sa lá atá inniu ann.<sup>5</sup>

Bhí cúpla duine eile ann a bhaineann a bheag nó a mhór leis an tréimhse luath seo. Is é Franz Anton Stark (1818-1880) an duine ba mhó tábhacht acadúil ina measc. Ach an oiread le Stefan Endlicher, bhí Stark i dtosach na réabhlóide teipthe a tharla sa bhliain 1848. Ina diaidh sin, níorbh fhéidir leis filleadh chun na hOstaire roimh 1857. Bhain sé úsáid as blianta na deoraíochta sa Ghearmáin le staidéar a dhéanamh ar an teangeolaíocht stairiúil chomparáideach i Frankfurt, Beirlín agus Heidelberg. I seascaidí agus seachtoidí na naoú haoise déag, bhí sé ina léachtóir le stair litríochta na Gearmáinise i Vín agus Graz agus, lena linn sin, d’fhoilsigh sé sraith altanna (‘Keltische Forschungen’) faoi ainmeolaíocht na Gearmáinise agus na dteangacha Ceilteacha meánaoiseacha.<sup>6</sup>

D’fhoilsigh Matthias Koch (1798-1877), staraí agus údar bisiúil ‘Keltische Forschungen’ eile in áit acadúil an-suntasach, i.e. sa chéad imleabhar de bhliainiris an Acadaimh Impiriúil i mbliain a bhunaithe, 1848. Dealraíonn sé óna bhfuil ráite faoi Koch in ÖBL (‘Foclór Beathaisnéise na hOstaire’) go raibh smaointe aisteacha aige faoi réamhstair a thíre dúchais agus go raibh tuairimí an-choiméadacha aige chomh maith faoi pholaitíocht a linne féin: tá cúis mhaith ann mar sin lena ligean i ndearmad.<sup>7</sup> Dealraíonn sé nach ndearnadh aon ghníomh rathúil eile sa Léann Ceilteach ar feadh tríocha bliain eile ina dhiaidh sin. Bhain cúpla duine nach raibh oiliúint sa disciplín orthu úsáid as an gCeiltis le staidéar a dhéanamh faoi logainmneacha réigiún shonracha na hOstaire: scrúdaigh P. Sebastian (Josef) Heinz (1815-1895), sagart agus

4 Féach Blom (2010) le breis eolais faoin téacs seo. Tá sé ar intinn agam féin mionchuntas a fhoilsíú ar an téacs amach anseo.

5 Gheofar breis eolais faoi Endlicher i (i) Halm/ Reichardt (1877); (ii) ÖBL Bd. 1 (Lfg. 3, 1956: 249); (iii) Stifter (2007: 221-231).

6 Gheofar breis eolais faoi Stark in ÖBL Iml. 13 (Cuid 59, 2007: 106).

7 Gheofar breis eolais faoi Koch in ÖBL Iml. 4 (Cuid 16, 1966: 19-20).

8 Gheofar breis eolais faoi Heinz in ÖBL Iml. 2 (Cuid 8, 1958: 251-2).

staraí, ainmneacha an Obervinschgau sa Tirol;<sup>8</sup> scríobh Adolph Ficker (1816-1880), staitisteoir, faoi na hainmneacha san Ostair Uachtarach;<sup>9</sup> agus scrúdaigh P. Isidor Hopfner (1858-1937), údar agus scoláire na Gearmáinise, ainmneacha Vorarlberg, an cúige is iartharaí san Ostair.<sup>10</sup> Is cosúil nách fiú mórán na saothair seo, áfach, toisc, is léir, nach raibh aon oiliúint chuí ar na daoine seo sa teangeolaíocht Cheilteach.

Seasann duine amháin amach in ochtóidí na naoú haoise déag, cé nach bhfuil ach beagán eolais ar fáil ina thaobh agus cé nár fhoilsigh sé aon rud faoin gCeiltis lena linn féin i. an Polannach Jan nó Johann Hanusz arbh as Gelicia ó bhonn é, tír atá ina cuid den Úcráin sa lá atá inniu ann. Rinne seisean staídéar ar an teangeolaíocht Ind-Eorpach i Cracow, Leipzig agus Beirlín. Tháinig sé ina léachtóir go Vín in 1884 agus theagasc sé an Bhreatnais i measc teangacha eile ar Ollscoil Vín ó 1885 anuas go 1887. Is léir óna ghairm acadúil agus ón tsuim a chuir sé i raon leathan teangacha difriúla eile mar an tSlavóinis, an Indis, an Cheiltis agus an Airméinis gur theangeolaí an-tréitheach a bhí ann. Sa bhliain 1887, fuair sé deontas ó Acadamh na nEalaíon le taighde a dhéanamh ar an Albáinis, an Ghréigis agus an Cheiltis. Agus é ag taistéal go dtí An Bhreatn, fuair sé bás tobann i bPáras nuair a bhuaill an tí fis é agus gan é ach naoi mbliana agus fiche d'aois.<sup>11</sup>

Údar fhoclóir ollmhór na Ceiltise Ársa (*Alt-celtischer Sprachschatz* i. ‘Stór teanga na Sean-Cheiltise’ ba ea Alfred Holder (1840-1916), leabharlannaí agus scoláire na dteangacha Clasaiceacha agus na Gearmáinise. Bailíodh an uile fhianaise scríofa ar theangacha na Ceiltise Ársa a fhaightear sa litríocht Chlasaiceach, idir ainmneacha daoine, logainmneacha agus ainmhfocail ghinearálta, i dtrí imleabhar an tsaothair seo a seasann a gcáil fós. Ní féidir leis an té atá ag iarraidh scrúdú a dhéanamh ar an gCeiltis Ársa beagchúram a dhéanamh den saothar seo, in ainneoin é a bheith breis agus céad bliain d'aois. Bíodh sin mar atá, cé gur rugadh Holder i Vín in 1840, d'imigh a mhuintir go dtí an Ghearmáin go han-luath ina shaol. Dá bhrí sin, níl ciall ar bith lena áireamh i measc scoláirí Ceiltise na hOstaire.<sup>12</sup>

9 Gheofar breis eolais faoi Ficker in ÖBL Iml. 1 (Cuid 4, 1956: 309).

10 Gheofar breis eolais faoi Hopfner in ÖBL Iml. 2 (Cuid 10, 1959: 415).

11 Gheofar breis eolais faoi Hanusz i Malinowski (1887) agus Pfeiffer (1996: 62-67).

12 Gheofar breis eolais faoi Holder i Lülfing (1972).

## An Fichiú hAois Luath

Ní mór duine a lua a raibh seasamh éigin aige i saol acadúil na hOstaire ó dheireadh na naoú haoise déag amach. Rugadh Rudolf Much in 1862: ba mhac é le Matthäus Much a mheastar a bheith ina bhunaitheoir ar ábhar na seandálaíochta san Ostair. Trína athair, chuir Rudolf Much eolas ar fhionnachtana Hallstatt agus La Tène a bhí bailithe in Ard-Mhúsaem Stair an Dúlra i Vín. Gan dabht, adhnadh spéis sa réamhstair i Much ann de bharr na séad Ceilteach a chonaic sé ansin. Ach ní raibh suim ag Rudolf Much sa tse-andálaíocht amháin: ba mhó an tarraigte a bhí i bhfocleolaíocht na dteangacha Gearmánacha ársa. Bhí Much ar dhuine de na daoine ba thábhachtaí a chuir chun cinn teoirci thaghde *Wörter und Sachen* ('Focail agus rudai'). Shíl na daoine seo fianaise na teangeolaíochta nó na focleolaíochta a chónascadh le fianaise na seandálaíochta. Scríobh Much bréis agus dhá chéad iontráil faoi ainmneacha tuata agus áitiúla don *Reallexikon der Germanischen Altertumskunde*, agus líon maith d'ainmneacha Ceilteacha ina measc. Ina theannta sin, scríobh sé cúpla alt faoi cheisteanna a bhain le seaniarsmaí na gCeilteach, mar shampla faoi na naisc idir na Ceiltigh agus na Gearmánaigh sa réamhstair. Bíodh sin mar atá, is í an chuíis is mó lena lua anseo, ná go raibh an Bhreatnais ar cheann de na teangacha a bhí ar eolas aige. Tá an chosúlacht ar an scéal gur fhoghlaím Much féin an Bhreatnais ar dtús in ochtóidí na naoú haoise déag ó Jan Hanusz, an scoláire Polannach a luadh thuas. Ina theannta sin, chuaigh Much go dtí an Bhreatain Bheag leis an mBreatnais bheo a fhoghlaím ó chainteoirí dúchais. Ach ba é an t-eácht ba thábhachtaí don Léann Ceilteach a rinne Much, cursaí Meán-Bhreatnaise agus Gaillise a thairiscint ar Ollscoil Vín.<sup>13</sup> Is ansin a d'fhoghlaím an Pokornach óg a chuid Breatnaise i mblianta luatha na fichiú haoise. I 1901, fuair Much *Venia Legendi* ar Ollscoil Vín san ábhar 'Ársaíocht na Sean-Ghearmánach (*Germanen*) agus na gCeilteach' agus rinneadh *außerordentlicher Professor* de ag an am céanna. Sa bhliain 1906, áfach, nuair a ceapadh ina lánollamh (*ordentlicher Professor*) é, cuireadh teorainn le teideal na cathaoireach a fuair sé, teideal nár bhain ach leis an tSean-

<sup>13</sup> Theagasc Much an Bhreatnais beagnach gach bliain ó 1894 go dtí 1907, agus ansin, arís, i 1934/5, agus é ina bhliain dheireanach san ollscoil. Thairg sé cursaí faoin nGaillies agus faoi na Gallaithe in 1894, 1898-1900, 1903 agus 1907 (eolas ó Helmut Birkhan).

Ghearmáinis amháin. D'fhan Rudolf Much ina chara ag Julius Pokorny ar feadh a shaoil. Fuair sé bás sa bhliain 1936.<sup>14</sup>

Cé gur rugadh Edmund Kleinhans (1870-1934) san Ostair, fuair sé oideachas sa Léann Ceilteach i Leipzig na Gearmáine agus bhí sé ag obair i Zürich na hEilvéise. Chuir sé dréachtaí ar fáil d'Fhocloir Sanasaíochta na Fraincise a d'fhoilsigh Walther von Wartburg san Eilvéis.<sup>15</sup>

Is é Julius Pokorny (1887-1970) an t-aon scoláire amháin de bhunadh na hOstaire a bhfuil clú agus cáil sa Léann Ceilteach air agus a bhaineann leis an gcéad leath den fhichiú haois. Ní gá móráin a rá faoi Pokorny anseo toisc gur scríobhadh miontuairisc ar a shaol tá cupla bliain ó shin.<sup>16</sup> Ní gaol an-ghar a bhí ag Pokorny leis an Ostair. Níor rugadh é san Ostair sa chiall nua-aimseartha: ba í Prág a chathair dhúchais, ach tháinig a mhuintir go dtí an Ostair go gearr ina dhiaidh sin. Bhí sé ar scoil san Ostair Uachtarach agus rinne sé staidéar ar an dlí agus ar an teangeolaíocht i Vín ó 1905 go dtí 1911 nuair a fuair sé a dhochtúireacht. Thraig sé ranganna Sean- agus Nua-Ghaeilge, Breatnaise agus Gaillise ar Ollscoil Vín ó 1913 go dtí 1920 nuair a ghlac sé le hollúnacht an Léinn Cheiltigh i mBeirlín. Ní raibh aon bhaint ag a shaol ina dhiaidh sin leis an Ostair. Chaith sé a ghairm shuntasach idirnáisiúnta sa Ghearmáin agus san Eoraip. Ba náisiúntaí díograiseach Gearmánach é, agus is léir mar sin gur mó a bhraith sé féin a bheith ina Ghearmánach ná ina Ostarach. Tá a fhios ag an saol céard a d'éirigh de Pokorny sa Dara Cogadh Domhanda: bhí air éirí as an ollúnacht a bhí aige agus d'éirigh leis éalú isteach chun na hEilvéise. I ndiaidh an chogaidh, chuir sé isteach iarratas ar phas Ostarach agus tugadh dó é, ach níor fhill sé ar an Ostair, agus bhain údarais an stáit an pas de cúpla bliain ina dhiaidh sin.<sup>17</sup> Ní airítear Pokorny mar fhíor-Ostarach san Ostair féin. Mar shampla, níor cuireadh san áireamh é i bhFoclóir Beathaisnéise na hOstaire (a d'fhoilsigh Acadamh na nEalaíon. Bíodh sin mar atá, bhí saintréith amháin ag Pokorny, saintréith a bhféadfaí a rá ina taobh gur saintréith de chuid lucht Ceiltise na

14 Gheofar breis eolais faoi Much in (i) ÖBL Iml. 6 (Cuid 30, 1975: 400-401); (ii) Simek (1997); (iii) Reichert (2002). Meán Fómhair 2012, cuireadh comhdháil ar bun in Ollscoil Vín chun 150ú breithlá Much a chomóradh. Tá sé ar intinn ag eagraí a comhdhála sin na himeachtaí a fhoilsí amach anseo.

15 Gheofar breis eolais faoi Kleinhans in ÖBL Iml. 3 (Cuid 15, 1965: 388).

16 Ó Dochartaigh (2004). Féach Pfeiffer (1996: 17-26) maidir lena sheal ar Ollscoil Vín, agus Heinz (2002) maidir leis an idé-eolaíocht i saothar Pokorny.

17 Ó Dochartaigh (2004: 134).

hOstaire í: ní i gcúrsaí teangeolaíochta amháin a chuir Pokorny suim. Chuir sé an tseandálaíocht, an antraipeolaíocht, an eitneolaíocht agus an stair san áireamh ina chuid taighde agus ina chuid teoircí freisin. Ach chomh maith leo seo, chuir sé isteach rudaí eile nach mbeadh glacadh leo sa lá atá inniu ann, an ciníochas, go háirithe. Nuair a léitear altanna Pokorny inniu, is minic a dhéantar iontas de na smaointe seafóideacha a bhí aige.

Idir na blianta 1907 agus 1909, thug an t-eitneolaí amaitéarach Rudolf Trebitsch (1876-1918) turais ar na tíortha Ceilteacha – turais a mhaoinigh sé féin – le taifid għramofóni a dhéanamh de na teangacha Ceilteacha labhartha, cé nach raibh aon eolas aige féin orthu. Coimeádtar na taifid an-luachmhara seo, agus iad ar na taifid is luaithe de na teangacha Ceilteacha atá ann, coimeádtar iad in Acadamh na nEalaíon, Vín, sa lá atá inniu ann, agus ar ndóigh, cuireadh amach go poiblí ar dhlúthdhioscaí sa bhliain 2003 iad.<sup>18</sup>

Is fiú a rá nach ndearnadh móran teagaisc i réimse an Léinn Cheiltigh i gcéad leath na fichiú haoise i Roinn na Teangeolaíochta Comparáidí ar Ollscoil Vín. Ba é Paul Kretschmer a bhí ina Ollamh le Léann na hInd-Eorpaise i dtosach na haoise agus é ina shaineolaí ar an tSean- agus ar an Nua-Għréigis. I dtús a ghairme agus é ina léachtóir i Vín ó 1913 go dtí 1916, bhí Julius Pokorny ina bhalla den roinn seo, ach luan tear a chuid léachtaí le Roinn an Bhéarla ón mbliain 1916 go dtí 1920, tráth ar imigh sé go Beirlín. B'fhéidir gur comhartha coimhlinte leis an Ollamh Kretschmer é seo, ach níl breis eolais ann ina thaobh sin. Ar aon chaoi, idir na blianta 1872 agus 1923, críochnaíodh dhá thráchtas dhochtúireachta ar fhichid i Roinn na Teangeolaíochta Comparáidí faoi stiúir Kretschmer. Níor bhain ach ceann amháin acu seo leis an Léann Ceilteach.<sup>19</sup> Toisc gur i Roinn na Gearmáinise, agus ní i Roinn na Teangeolaíochta, a rinne Julius Pokorny a dhochtúireacht féin, is cosúil gurb í dochtúireacht Käthe Müller-Lisowski atá i gceist anseo. Bhí Lisowski ina banscoláire Għarmánnach agus bhí sí tar éis staidéar agus léachtóireacht a dhéanamh ar Ollscoil Beirlín. Ní léir ar chor ar bith cén fáth ar leag sí isteach a tráchtas i Vín seachas i mBeirlín, a cathair acadúil dhúchais féin. Go bhfios dom, níor chaith sí aon am i Vín le staidéar a dhéanamh. Is é an miniú is simplí atá ar an scéal seo gur chuir Julius Pokorny comhairle uirthi teacht go Vín

18 Schüller (2003).

19 Pfeiffer (1996: 8).

mar go raibh Kretschmer ina shaineolaí ar léann na bhfinscéalta freisin. Seo é an cineál ábhair atá i gceist i dtráchtas Müller-Lisowski, .i. fáthscéalta faoi shoiscéalaí Eoin in Éirinn agus scéalta faoin draoi Mog Ruith. Is lú an seans gur tháinig Müller-Lisowski go Vín i ngeall ar bhruíon éigin le Pokorny, an t-ollamh nua i mBeirlín.

Is gáanois beirt scoláire a lua a chaith cuid mhaith dá saol in Éirinn. Ar na cúiseanna a bhí ag Pokorny suim a chur sa Ghaeilge agus sa Léann Ceilteach, bhí náisiúnachas na Gearmáine agus mothúcháin fhrithShasanacha. Is ina náisiúnaí radacach Gearmánach, .i. ina Naitsí, a bhí fear eile, Adolf Mahr (1887-1951) a raibh dochtúireacht sa tseandálaíocht ó Ollscoil Vín bainte amach aige. Tháinig Mahr go hÉirinn sa bhliain 1927 le dul i mbun poist san Ard-Mhúsaem Náisiúnta. Taobh istigh de bheagán blianta, ceapadh ina stiúrthóir é, ceapachán a cheadaigh Éamon de Valera go pearsanta. Deirtear gur shárshaineolaí a bhí ann agus gurbh éisean a chuir seandálaíocht na hÉireann ar an mbealach ceart. Mar sin féin, ag an am céanna chuir sé craobh áitiúil den NSDAP ('Páirtí na Naitsithe') ar bun. Tharla dó a bheith sa Ghearmáin i dtosach an chogaidh, níorbh fhéidir leis, nó níor tugadh cead dó, filleadh go hÉirinn riagh ina dhiagh sin. Mar sin féin, fuair sé pinsean beag ó Eirinn i ndiaidh an chogaidh.<sup>20</sup>

Murab ionann agus Adolf Mahr, tháinig Ludwig Bieler, scoláire na dteangacha clasaiceacha, mar dhídeanaí ó réimeas na Naitsithe go hÉirinn.<sup>21</sup> Ní raibh aon bhaint acadúil ag Bieler leis an Léann Ceilteach sular fhág sé an Ostair, ach bhí an-eolas aige ar an Laidin Dhéanach. Aithníodh go tapaidh an t-ardchumas a bhí ann maidir le téacsanna luatha meánaoise i Laidin na hÉireann a chur in éagar. Ar deireadh, d'éirigh Bieler amach ina shaineolaí mórchlúiteach ar Naomh Pádraig. D'fhan Bieler in Éirinn ó bhain sé an tír amach sa bhliain 1940 go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1981.<sup>22</sup>

Tá snáithe caol ag nascadh an bheagáin a dhéantaí i Vín maidir le cúrsáí Ceiltise roimh an gcogadh leis an méid a dhéantaí ansin san am díreach ina dhiagh: is cosúil gurbh é Walter Steinhauser an

20 Tá neart ráite agus scríofa faoi Mahr, féach, mar shampla (i) Lerchenmüller (1997); (ii) O'Driscoll (2004: 251-3); (iii) Mullins (2007). Maidir le saothrú acadúil Mahr, féach Stephan/ Gosling (2004) agus Wallace (2007).

21 Is cús iontais nach luann Seán Ó Lúing (2000) an méid seo faoi Bieler sa chuntas gearr a thugann sé ar Bieler mar is gné an-tábhachtach dá bheathaisnéis é seo.

22 Gheofar breis eolais faoi Bieler i Rasche (2006).

t-aon duine amháin a bhí gníomhach ann sa dá thréimhse seo. Ar nós a mhúinteora Rudolf Much, bhí Steinauser ina scoláire le Gearmáinis, ach bhí raidhse mhór eolais aige agus suim mhór aige i dteangacha eile chomh maith, an Cheiltis ina measc. Ar nós Rudolf Much, níor fhoilsigh sé mórán altanna a bhaineann leis an Léann Ceilteach, ach d'fhoilsigh sé, mar shampla, alt gairid faoi thionchar na Gearmándaise ('Germanic') ar an nGaeilge.<sup>23</sup> Is léir gurb í an ghné Ghearmánach ba thábhachtaí dó agus gurb í a bhí i lár a intinne. Ní dhearna sé staidéar ar an gCeiltis aisti féin, rud ba ghnáth ag an mbeagán a bhí ag déanamh staidéir ar an Léann Ceilteach san Ostair roimh dhara leath na fichiú haoise. Thugadh Ollamh na hInd-Eorpaise, Georg Solta, agus é ina shaineolaí ar theangacha na mBalcán, teagasc ar an tSean-Ghaeilge ó am go ham roimh ochtoidí an chéid seo caite, ach go bhfiós dom níor fhoilsigh seisean aon rud fúithi. Bhí Johan Corthals, Ollamh na hInd-Eorpaise i Hamburg a chaith seal i mbun staidéir i Vín, ar dhuine de na mic léinn a d'fhoghlaím an tSean-Ghaeilge ó Solta. Rinne Willibald Kraml dochúireacht sa Léann Ind-Eorpach sa bhliain 1979 .i. eagrán den sága Sean-Ghaeilge *Aided Óinfir Aife* (.i. 'Oidhe Aonmhac Aoife'), ach níor foilsíodh an saothar seo riamh.

### **Na Blianta Deireanacha**

Sa chuid seo den alt, pléitear an ré nua-aoiseach, ré a bhfuil eolas ag an údar féin uirthi agus aithne phearsanta aige ar na daoine a bhaineann léi. Má fhágtaí an tseandálaíocht ar leataobh, is in dhá ollscoil de chuid na hOstaire a dhéantaí, nó a dhéantar, staidéar ar an Léann Ceilteach le tamall de bhlianta anuas: Ollscoil Innsbruck agus Ollscoil Vín. Anuas go dtí lár na fichiú haoise, taobh amuigh d'aon eisceacht amháin .i. de Julius Pokorny, ní raibh san Ostair ach scoláirí a bhí ag saothrú leo i bpriomhdhisciplín eile go hiondúil, mar shampla i Léann na Gearmáinise nó sa teangeolaíocht chomparáideach. Ní raibh sa saothrú a rinne na scoláirí seo sa Léann Ceilteach ach fothaighde tánaisteach, agus ní raibh siad ach ina leath-shaineolaithe, más féidir a leithéid de théarma a úsáid. Níor tháinig athrú ar an scéal seo ach le timpeall daichead nó caoga bliain anuas nuair a tháinig scoláirí i láthair a chuir a bpriomhshuim i gcúrsaí Ceiltise.

Rugadh agus oileadh Wolfgang Meid sa Ghearmáin, ach rin-

23 Féach Gschwantler (1970).

neadh Ollamh le Léann na hInd-Eorpaise de in Innsbruck sa bhliain 1965 agus bhí an post sin aige anuas go 1999. Cé go bhfuil sé eolach ar na teangacha Ind-Eorpacha ar fad, leagann sé an bhéim ina chuid taighde ar an tSean-Ghaeilge agus ar theangacha ársa Ceilteacha na Mór-Roinne. De bharr a dhíograise, bhí Innsbruck i gceartlár na coda sin de réimse an Léinn Cheiltigh a bhaineann leis an teangeolaíocht stairiúil ó na seascaidí go dtí deireadh na nónchaidí ar a laghad. Fiú sa lá atá inniu ann, is tabhachtach an áit Innsbruck mar a bhfoilsítear leabhair i dtaobh na teangeolaíochta agus na seandálaíochta Ceiltí. Is ón Ollamh Meid a fuair cúpla scoláire óg oiliúint sa Léann Ceilteach, agus tá roinnt scoláirí Éireannacha ina measc siúd, mar shampla Patricia Kelly agus Liam Mac Mathúna.<sup>24</sup>

Nuar a fhéachtar ar Ollscoil Vín, bhí fear amháin ann le breis agus daichead bliain nach mór a lua, Helmut Birkhan. Is fear fíor-ildánach, fíor-ileolach agus ‘uile-Cheilteach’ é Birkhan. Ar nós na scoláirí a tháinig roimhe, Rudolf Much agus Walter Steinhauser, bhí Birkhan ina Ollamh le Sean-Ghearmáinis, ach murab ionann agus an bheirt eile sin, is i gcúrsaí na Ceiltise atá an phríomhshuim aige. Cé nár fhoilsigh na daoine eile sin ach altanna aonaracha faoi fhadhbanna ar leith a bhain leis na Ceiltigh, is údar an-bhisiúil é Birkhan. Cuimsíonn raon a chuid taighde an litríocht, an teangeolaíocht, an tseandálaíocht, an eitneolaíocht, léann an reiligiúin, an stair chultúrtha agus léann an chultúir sa chiall is leithne. Ar feadh na mblianta fada, thugadh Birkhan léacht amháin faoin Léann Ceilteach gach seimeastar, anuas ar na léacataí riachtanacha i Léann na Gearmáinise a bhíodh á muineadh aige. Theagasc sé an Mheáin-Bhreatnais ar dtús sna seachtoidí, ach ba i léann an chultúir a bhí an tsuim ba mhó aige sna blianta deireanacha. D'éirigh sé as a phost cúpla bliain ó shin, ach tá sé chomh gníomhach fós sa léann agus a bhí sé riamh. Ní féidir ach tagairt ghearr a dhéanamh anseo do na leabhair mhóra atá curtha amach aige, agus ní dhéanfar trácht ar an iliomad alt atá foilsithe aige chomh maith. An leabhar is tábhactaí dá chuid a bhaineann leis an Léann Ceilteach ná *Kelten. Versuch einer Gesamtdarstellung ihrer Kultur* (‘Na Ceiltigh. Iarracht ar thuarascáil chuimsitheach a thabhairt ar a gcultúr’) – Birkhan (1997). Insíonn teideal an tsaothair seo a bhfuil níos mó ná míle leathanach ann chuile shórt dúinn: tugann an leabhar mionchuntas

24 Gheofar breis eolais faoi Meid agus a chuid foilseachán ag: [http://de.wikipedia.org/wiki/Wolfgang\\_Meid](http://de.wikipedia.org/wiki/Wolfgang_Meid). (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013).

ar gach aon ghné de shaol agus de chultúr na gCeilteach ársa. Is éard atá sa dara leabhar leis ná leabhar pictiúr/fomhánnna leis an gcéad leabhar thuas a léiriú – Birkhan (1999). Saothar eile le Birkhan, *Germanen und Kelten bis zum Ausgang der Römerzeit* (1970), is é an leabhar is luaithe é a thug faoi chuntas a thabhairt ar an teagmháil a bhí ann idir na Ceilitigh agus na Gearmánaigh sa réamhstair. Ina theannta sin, chuir Birkhan bailiúchán amach ina dtugtar aistriúcháin as Gearmáinis de na scéalta uilig Breatnaise a bhaineann le Rí Artúr – Birkhan (1989). Agus is é an leabhar ‘Ceilteach’ is déanaí dá chuid, staidéar faoin tuiscint a bhí ar na Ceilitigh i ndiaidh na ré ársa – Birkhan (2009).<sup>25</sup>

Rinneadh obair an-tábhachtach i Roinn na Staire Ársa, Ollscoil Vín, ó sheachtóidí na haoise seo caite i leith, go háirithe ó thaobh na gCeilteach Ársa de. Is é an tOllamh Gerhard Dobesch a chuir túis leis an traidisiún seo sna seachtóidí déanacha nuair a rinne sé taighde faoi na gaoil dhioplómaitiúla a bhí ann idir na Rómhánaigh agus na pobail Cheilteacha roimh fhorleathnú na Rómhánach – Dobesch (1993). D’fhoilsigh Dobesch mórán alt eile, lán de léiriúcháin, faoi na Gallaigh agus faoin gcaidreamh a bhí acusan leis na Rómhánaigh, go háirithe faoi Julius Caesar agus faoina chuid tráchtas clúiteach ar na Cogaí Gallacha.<sup>26</sup> Lean beirt de dhaltaí Dobesch leis an taighde seo. Bhailigh Kurt Tomaschitz (1961-2008) an fhianaise go léir a fhaightear sa litríocht chlasaiceach a bhaineann le himeachtaí stáiriúla na nGallach ar fud na hEorpa, agus chuir tráchtairreacht léi – Tomaschitz (2002). Is mór an chaililiúint don léann go bhfuair Tomaschitz bás tobann rómhoch cùig bliana ó shin.<sup>27</sup> Is obair eile den chinéal seo, ach í a bheith ar leibhéal i bhfad níos fairsinge, an obair atá déanta ag Andreas Hofeneder maidir leis an bhfianaise sna foinsí liteartha clasaiceacha ina n-iomláine a bhaineann le reiligiún na gCeilteach ársa – Hofeneder (2005, 2008, 2011). Trí imleabhar atá sa saothar seo, saothar a thóg breis agus deich mbliana agus breis agus míle go leith leathanach ann. Dá n-iarrfaí orm saothar amháin a lua atá ar an saothar is tabhactaí sa chéad seo caite maidir le staidéar ar reiligiún na gCeilteach ársa, níl aon cheist ach go luafainnse an

25 Gheofar breis eolais faoi Birkhan agus roinnt dá chuid foilseachán ag: [http://de.wikipedia.org/wiki/Helmut\\_Birkhan](http://de.wikipedia.org/wiki/Helmut_Birkhan). (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013).

26 Gheofar breis eolais faoi Dobesch ag [http://de.wikipedia.org/wiki/Gerhard\\_Dobesch](http://de.wikipedia.org/wiki/Gerhard_Dobesch) (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013). Tá roinnt de na haitl seo le fáil i Dobesch (2001).

27 Maidir le clár a shaothar chomh maith le fógra báis, féach Dobesch (2008).

saothar seo. B'fhiú go mór an saothar seo a aistriú go Béarla, dar liom.

Tá saothrú mor á dhéanamh sa tseandálaíocht Cheilteach san Ostair, agus sa mhioneolaíocht freisin. Rachfaí amach thar teorainn an ailt seo dá bpléifí an méid a dhéantar sna disciplíní seo. Ina áit sin, is fiú, duine amháin, b'fhéidir, a lua a bhfuil ról cinnitheach aige sa Léann Ceilteach i Vín, san Ostair agus san Eoraip: tá Raimund Karl ina sheandálaí, ach cuireann sé modhanna na socheolaíochta agus fhealsúnacht na heolaíochta (*Wissenschaftstheorie*) i bhfeidhm freisin lena chuid teoiricí féin faoi na Ceiltigh a fhorbairt. Eisean, in éineacht le Helmut Birkhan agus in éindí liomsa, a chuir clár foirmeálta sa Léann Ceilteach ar bun ar Ollscoil Vín sa bhliain 1999. Mar sin féin, níorbh fhéidir le Raimund Karl post acadúil a fháil i Vín ina dhiadh sin. Ina ionad sin, d'éirigh leis thar lear: is ollamh le Seandálaíocht agus le hOidhreacht ar Ollscoil na Breataine Bige i mBangor anois é.

Ar deireadh, breathnófar ar Roinn na Teangeolaíochta in Ollscoil Vín. In ochtóidí agus nójaidí luatha na haoise seo caite, mhúineadh Ollúna na hInd-Eorpaise, Jochem Schindler agus Heiner Eichner, an tSean-Ghaeilge ó am go ham; ina theannta sin, thaingtí ranganna rialta Nua-Ghaeilge agus, ar uairibh, ranganna Breatnaise, freisin. Ó dheireadh na nójaidí anuas, bhí, agus tá, neart daoine ann a bhfuil baint acu leis an Roinn seo a rinne a gcion maidir leis an Léann Ceilteach trí chéile. Rinne Stefan Schumacher staidéar ar an Ind-Eorpais in Innsbruck agus fuair sé a dhochtúireacht i gColáiste Phádraig, Má Nuad. D'fhoilsigh sé leabhair agus altanna an-tábhachtacha faoi dheilbhíocht agus faoi fhoghraíocht stairiúil na Ceiltise – mar shampla Schumacher (2004). Eisean an t-aon duine amháin ar Ollscoil Vín a bhfuil post buan aige i réimse an Léinn Cheiltigh anois. Scríobh Theresa Illés, scoláire Béarla agus léachtóir le Nua-Ghaeilge, scríobh sise agus Arne Ambros (nach maireann) agus é ina Ollamh le hAraibis agus le Léann na nIoslámach, an chéad lámhleabhar nua-aimseartha Gaeilge a scriobhadh ó bhonn as Gearmáinis – féach Ambros/ Illés (2006).

Rinne roint scoláirí taighde ar an Nua-Bhriotáinis ó na seachtoidí anuas, go háirithe ar shochtheangeolaíocht na teanga: an tOllamh Wolfgang Dressler, ceann Roinn na Teangeolaíochta in Ollscoil Vín le blianta fada, Eva Vetter scoláire Fraincise, agus Albert Bock. Eisean chomh maith, in éineacht leis an Meiriceánach Benjamin

Bruch, a chruthaigh ‘An Caighdeán Oifigiúil Scríofa’, (‘The Standard Written Form’) mar a thugtar air, don Choirnis le blianta beaga anuas.<sup>28</sup> D’iarr an ‘Cornish Language Partnership,’ bord oifigiúil a raibh air síorbhruón dhreamanna éagsúla na Coirnise a shárú, d’iarr siad ar Bock agus Bruch tabhairt faoin obair seo. Faoi láthair, tá Bock agus Bruch ag réiteach búnábhar teagaisc d’fhoghlaimeoirí na Coirnise lena úsáid i scoileanna an Choirn.

Tá Aaron Griffith, ar scoláire Meiriceánach ó bhonn é ach atá ina chónaí san Ostair le cupla bliain anuas, tá seisean ag cur le chéile foclóir de na gluaiseanna Sean-Ghaeilge atá i lámhscríbhinn Milan, tionscadal taighde atá á dhéanamh aige faoi mo stiúir féin.<sup>29</sup> San obair sin dó, tá Griffith ag leanúnt loirg Shéamais Chaomhánaigh a chuir le chéile sainfhoclóir de na gluaiseanna a fhaightear i lámhscríbhinn Würzburg.<sup>30</sup> Ní hé amháin go bhfuil Griffith ag cur an fhoclóra seo le chéile, ach ag an am céanna tá sé ag dearbhú agus ag ceartú na ngluaiseanna uilig a foilsíodh in *Thesaurus Palaeohibernicus* breis agus céad bliain ó shin.<sup>31</sup> Foilseoidh Acadamh na nEalaíon an foclóir seo agus cuirfear an bunachar sonraí ar fáil ar an idirlíon. Tá scoláire eile, Bernhard Bauer, ag obair faoi stiúir Stefan Schumacher ar thionscadal taighde atá ar aon dul le tionscadal seo Aaron Griffith i.e. foclóir de na gluaiseanna Sean-Ghaeilge atá i lámhscríbhinn Naomh Gall.

Fuair mé féin maoliniú i gcomhair cúpla tionscadal eile taighde a bhaineann le teangacha ársa Ceilteacha na Mór-Roinne, mar shampla tionscadal le haghaidh *Lexicon Leponticum (LexLep)*, foclóir sanasaíochta Leapóintise.<sup>32</sup> Is é an lámhleabhar Sean-Ghaeilge is mó tóir air i measc mhic léinn an domhain, an leabhar *Sengoídelc. Old Irish for Beginners*, lámhleabhar a scríobh mé féin.<sup>33</sup> Bhí mise i mo riarthóir gníomhach ar chlár an Léinn Cheiltigh in Ollscoil Vín ó bhliain a bhunaithe, 1999, anuas go 2008. D’fhág mé féin Ollscoil Vín ag túis 2011. Foilsítear an íris acadúil ildisciplíneach Cheilteach *Keltische Forschungen* i Vín.<sup>34</sup> Is mise an té a chuir an

28 Bock/ Bruch (2008). Ar fáil ag: <http://www.kernowek.net/SpecificationFinalVersion.pdf>. (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013).

29 Ar fáil ag: [http://www.univie.ac.at/indogermanistik/milan\\_glosses.htm](http://www.univie.ac.at/indogermanistik/milan_glosses.htm). (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013).

30 Féach Kavanagh/ Wodtko (2001).

31 Stokes/ Strachan (1901-3).

32 Ar fáil ag: [http://www.univie.ac.at/lexlep/wiki/Main\\_Page](http://www.univie.ac.at/lexlep/wiki/Main_Page). (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013).

33 Stifter (2006).

34 Féach leathanch baile na hirise ag: <http://www.univie.ac.at/keltische-forschungen/>. (Ceadaithe 2 Feabhra 2013).

iris ar bun agus is mise éagarthóir na hirise agus mé ag fáil tacaíochta ó Hannes Tauber agus ó bhord éagarthóirí idirnáisiúnta. Anuas ar ábhair thraidisiúnta an Léinn Cheiltigh, ábhair ar nós na teangeolaíochta, na focleolaíochta, na seandálaíochta agus na staire, foilsítear ábhair san iris a bhaineann le réimsí eile chomh maith, mar shampla, le stair an taighde, le stair na disciplíne agus le cúrsaí modheolaíochta i measc ábhar eile.

Rinneadh tagairt ar ball do chlár an Léinn Cheiltigh ar Ollscoil Vín.<sup>35</sup> Oireann sé ag an bpointe seo cuntas níos mine a thabhairt air seo. I nójachídí na haoise seo caite, bhí grúpa daoine ag tathaint ar Dhámh na nDán agus ar an ollscoil araon clár foirmeálta sa Léann Ceilteach a thabhairt isteach. Ba iad Helmut Birkhan, ollamh thuasluaithe le Sean-Ghearmáinis agus cúpla mac léinn óg, údar an ailt seo ina measc, a bhí ar thús cadhnaíochta an ghrúpa seo. Sa bhliain 1999, d'éirigh linne agus cuireadh clár trialach staidéar sa Léann Ceilteach ar bun san ollscoil. Mhair an clár staidéar seo ceithre bliana. Clár iomlán céime a bhí ann agus bhaintí amach céim an Mháistir ag a dheireadh. D'úsáidtí léachtaí rialta a bhíodh á dtairiscint ar an ollscoil cheana d'fhormhór an chláir, ach sholáthraíodh Dámh na nDán beagán airgid bhrefise ina theannta sin. Mhaoinítí, mar shampla, ranganna speisialta Sean-Ghaeilge leis an airgead sin. Ar feadh cúpla bliain, d'fhaightí airgead eile ó Chiste na Gaeilge chomh maith le ranganna Nua-Ghaeilge a chur ar siúl. Cúpla bliain ó shin, nuair a bhí ar an ollscoil córas acadúil uile-Eorpach Bologna a thabhairt isteach, ba ghá clár an Léinn Cheiltigh a athrú freisin agus rinneadh cursa iarchéime a mhair dhá bhliain de. An toradh a bhí ar an athrú seo, ná íslíú mór ar na léachtaí a bhí ar fáil sa Léann Ceilteach. Is léir go ndearnadh mórán éachtaí i mbeagán blian, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cé nach bhfuil figiúrí oifigiúla ann, is cosúil go raibh cúpla céad mac léinn i mbun an Léinn Cheiltigh le breis agus deich mbliana anuas. Scríobhadh lón mór de thráchtas M.A. (*Magisterarbeiten*) a bhaineann le gach fo-dhisciplín den Léann Ceilteach. Ina theannta sin, tá cúpla mac léinn i mbun dochtuireachtaí freisin. Mar sin féin agus d'ainneoin na ndea-thorthaí go léir seo, níor thug an ollscoil aitheantas dá raibh curtha i gcrích ag foireann an Léinn Cheiltigh. Is mór an náire é gur cinneadh i ndeireadh Mhí Eanáir 2012 go

35 D'fhéadfáin an ‘*successio apostolica*’ seo a leanas a cheapadh maidir leis an Léann Ceilteach ar Ollscoil Vín: (Franz Anton Stark →) Jan Hanusz → Rudolf Much → Julius Pokorny/ Walter Steinhauser → Helmut Birkhan → David Stifter.

gcuirfí deireadh faoi cheann trí bliana le clár staidéar an Léinn Cheiltigh in Ollscoil Vín, fiú leis an mbeagán a bhí fágtha. Tá móran cíuseanna éagsúla taobh thiar den chinneadh seo, cíuseanna glan pearsanta ina measc agus is léir gur cuireadh droch-chomhairle ar an ollscoil sa chas seo. D'fhéadfaí a rá, mar shampla, gur chosúil go raibh dream theangeolaíocht stairiúil na Ceiltise i Vín ar an dream ba láidre ar domhan sa réimse sin le tamall de bhlianta anuas, ach ní raibh an méid seo ar eolas ag éinne taobh amuigh den Léann Ceilteach féin.

Gan aon bhaint a bheith aige le cineálacha an léinn a bhí faoi chaibidil thusas agam, tá Léann eile Éireannach á thairiscint ag Roinn an Bhéarla in Ollscoil Vín – ‘Irish Studies’ mar a thugtar air agus é ag baint le litríocht na hÉireann as Béarla agus le cultúr nuaimseartha na hÉireann. Ní bhaineann aon ghné den Léann Ceilteach leis an réimse seo agus is mór an trua go bhfuair ‘Irish Studies’ níos mó cúnaimh oifigiúil ná an Léann Ceilteach.

I ndeireadh na scríbe, is gá féachaint ar Acadamh na nEalaíon i Vín. Cé go raibh Coimisiún na Ceiltise (*Keltische Kommission*) ann idir na blianta 1980 agus 1997, agus é ina aonad ar leith san Acadamh, ní dhearna an Coimisiún móran an t-am sin ach thart ar leathdhosaen leabhrán a fhoilsiú. Dá bhrí sin, scaoileadh an Coimisiún mar aonad neamhspleách sa bhliain 1997 agus cuireadh isteach i gCoimisiún na Réamhstaire é.<sup>36</sup> Tá an Coimisiún seo i mbun cúpla tionscadal suimiúil tábhachtachanois, mar shampla *Fontes Epigraphici Religionis Celticae Antiquae* (F.E.R.C.A.N.) i. bailiúchán na n-inscríbhinní Clasaiceacha a bhaineann le creideamh na gCeilteach Ársa, tionscadal atá faoi stiúir an staráit Chlasaicigh Manfred Hainzmann (Ollscoil Graz).<sup>37</sup> Le deireanaí, foilsíodh *Lexikon der keltischen Archäologie* (‘Foclóir na seandálaíochta Ceiltí’) faoi stiúir an tseandáláí Otto Urban (Ollscoil Vín).<sup>38</sup>

## Tábal

Is feiliúnach an rud é anois cúpla focal ginearálta a rá faoin Léann Ceilteach san Ostair agus freagra a thabhairt ar an dá cheist seo: céard iad na tréithe tipiciúla agus céard iad na tréithe leithleacha a

<sup>36</sup> Féach leathanach baile an Choiomisiún ag: <http://www.oeaw.ac.at/praehist/>. (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013).

<sup>37</sup> Féach leathanach baile F.E.R.C.A.N. ag: [http://www.oeaw.ac.at/praehist/\\_fercan\\_fercan.html](http://www.oeaw.ac.at/praehist/_fercan_fercan.html). (Ceadaithe, 2 Feabhra 2013).

<sup>38</sup> Sievers/ Urban/ Ramsl (2012).

bhaineann leis an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm san Ostair é. Is gnách leis an Léann Ceilteach san Ostair a bheith thírithe ar Cheiltigh an tseansaoil, toisc nach bhfuil nasc ‘beo’ ann le cultúr meánaoiseach Ceilteach, gan trácht ar nasc le cultúir nua-aimseartha Cheilteacha. Ina ionad sin, is éard a fhaightear san Ostair, iarsmaí an-saibhre den ré Chlasaiceach agus den réamhstair a bhaineann le pobail Cheilteacha nó pobail a mheastar baint a bheith acu leis na Ceiltigh, mar shampla i Hallstatt. Is gnách nach ndéanann na scoláirí staidéar ar an Léann Ceilteach féin ar dtús, ach go dtagann siad chuige, de ghnáth, ó dhisciplíní cóngaracha eile cosúil leo seo: Léann na Gearmáinise, an teangeolaíocht chomparáideach/ ghinearálta, an stair ársa, nó an tseandálaíocht.

Go bhfios dom, ní raibh san Ostair nó san Impireacht Ostarach-Ungárach *Keltomanen* (‘Celtomaniacs’) mar a bhí sa Ghearmáin nó i dtíortha eile na hEorpa sa naoú haois déag, agus níor bhain an chiall pholaitiúil leis an bhfocal ‘Ceilteach’ mar a bhain sa Ghearmáin, nó mar a bhain, agus mar a bhaineann leis sna tíortha Ceilteacha. Bhí na Ceiltigh ina bpobal nó ina bpobail ‘i bhfad amach’ ag muintir na hOstaire nua-aimseartha, is é sin le rá, bhí siad i bhfad amuigh ó thaobh ama agus ó thaobh na tíreolaíochta de. Ní raibh sna Ceiltigh ach pobal amháin den iomad pobal a bhí tar eis cur fúthu san Ostair sa reamhstair agus ba iad na *Germanen* (‘na Sean-Ghearmánaigh’) an pobal ba thábhacthaí d’fhéiniúlacht na nOstarach. Is go han-mhall a tháinig sé i bhfaisean bunús náisiúnta na gCeilteach a shaothrú agus a scrúdú. Is i ndiadhbh an Dara Cogadh Domhanda amháin a d’éirigh na Ceiltigh ina sinsir ‘úsáideacha’ do náisiún nua-chumtha na hOstaire. Tá neart fáthanna ann le forbairt na suime i gcúrsaí na gCeilteach go ginearálta agus sa Léann Ceilteach go speisialta. B’fhéidir gurb é an fáth is mó atá léi seo, an taithí a fuarthas maidir le mí-úsáid an téarma *Germanentum* (‘Sean-Ghearmánaíocht’) le linn an Dara Cogadh Domhanda. Is caoi dhionghbháilte é do na hOstaraigh, dá bhrí sin, seanré chaite Cheilteach na tíre a roghnú in ionad ré ár sinsear Gearmánach a chuaigh as faisean agus as fabhar: níl sé ‘ceart’ go polaitiúil, fiú inniu, a bheith ag caint faoi bhunús Gearmánach na hOstaire. Os a choinne sin, níl aon bhaol ann duit tú féin a ‘shalú’ go polaitiúil leis na Ceiltigh. Tá siad glan, gan smál na mí-úsáide a bhain le ré an Naitseachais. Dá bhrí sin, d’fhéachtaí – agus féachtar – chuige, craobh chultúrtha a chruthú, nó féiniúlacht nua a cheapadh, idir an ré ársa agus Ostair an lae inniu.

An beagán atá ar eolas faoi na Ceiltigh ó na scríbhneoirí Clasaiceacha, anuas ar an eolas atá ann ó ‘cheonna’ an Cheilteachais nua-aimseartha, is scáileán an-oiriúnach é a bhféadfaí mianta agus réamhthuairimí mhuintir chomhaimseartha na hOstaire faoi dhaoine fiánta uaisle, go bhféadfaí na mianta agus na réamhthuairimí seo a theilgean air. Anuas air seo, agus ag an am céanna, is sampla, ag muintir na hOstaire, iad na *Germanen* (‘na Sean-Ghearmánaigh’) de na barbair neamhshibhialta. Mar a tharlaíonn go minic, neartaítear agus leathanaítear sna meáin chumarsáide tuairimí coitianta atá lán d’eolas fánach agus de shamhlacha seanchaite. Is annamh a théann an fhírinne faoin gCeiltis agus faoi na Ceiltigh chomh fada leis an bpobal.

Tháinig borradh faoin tsuim i gcúrsaí Ceilteacha go háirithe in ochtoidí agus nóchaidí na haoise seo caite agus ina ndiaidh sin freisin. Tharla sé seo, b’fhéidir, faoi thionchar an taispeántais mhóir faoi na Ceiltigh a cuireadh ar siúl i Venice i mbéal na nóchaidí.<sup>39</sup> Ach is dócha gurbh é an taispéantas Ceilteach i Hallein sa bhliain 1980,<sup>40</sup> ar tarraingíodh aird mhór idirnáisiúnta air, gurbh é sin a chuir tú leis an tsuim nua-aimseartha sna Ceiltigh san Ostair.

Ní féidir an ré nua-aimseartha seo a cheangal le seanré Cheilteach na hOstaire trí leanúnachas an traidisiúin. Dá bhrí sin, gach a n-abraíonn na meáin chumarsáide, tá sé bunaithe ar eolas nua-aimseartha i.e. an t-eolas a roinntear faoi na Ceiltigh ársa agus faoi chultúir Ceilteacha an lae inniu san Ostair, bunaítear é ar mhúnláí nua-aimseartha intinne.

### Foinsí:

- Ambros, Arne A./ Illés, Theresa-Susanne (2006) *Sláinte! Irisch-Lehrbuch für den Selbstunterricht*. Wiesbaden: Reichert.
- Birkhan, Helmut (1970) *Germanen und Kelten bis zum Ausgang der Römerzeit. Der Aussagewert von Wörtern und Sachen für die frühesten keltisch-germanischen Kulturbeziehungen*. Wien: Böhlau.
- Birkhan, Helmut (1989) *Keltische Erzählungen vom Kaiser Arthur I, II. Aus dem Mittelkymrischen übertragen, mit Einführungen, Erläuterungen und Anmerkungen*. Kettwig: Phaidon-Verlag.

39 Moscati (1991).

40 Pauli (1980).

- Birkhan, Helmut (1997) *Kelten. Versuch einer Gesamtdarstellung ihrer Kultur.* Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Birkhan, Helmut (1999) *Kelten. Bilder ihrer Kultur. Celts. Images of their Culture.* Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Birkhan, Helmut (2009) *Nachantike Keltenrezeption. Projektionen keltischer Kultur.* Wien: Praesens.
- Bock, Albert/ Bruch, Benjamin (2008) *An Outline of the Standard Written Form of Cornish.* [Gan áit:] Cornish Language Partnership.
- Blom, Alderik H. (2010) ‘Endlicher’s Glossary,’ *Études celtiques* 37, 159-181.
- Dobesch, Gerhard (1993) *Die Kelten in Österreich nach den ältesten Berichten der Antike.* (Erweiterte Neuauflage). Wien: Böhlau.
- Dobesch, Gerhard (2001) *Ausgewählte Schriften. Band 2. Kelten und Germanen.* Heftner, Herbert/ Tomaschitz, Kurt [eagf]. Wien: Böhlau.
- Dobesch, Gerhard (2008) ‘In memoriam Kurt Tomaschitz,’ *Keltische Forschungen* 3, 7-12.
- Gschwantler, Otto (1970) *Schriftenverzeichnis Walter Steinhauser. Dargebracht von Kollegen, Freunden und Schülern [zum 85. Geburtstag].* Horn: Berger.
- Halm, Karl Ritter von/ Reichardt, Heinrich Wilhelm (1877) ‘Endlicher: Stephan Ladislaus’, in Liliencron, Rochus Freiherr von [eag.] *Allgemeine deutsche Biographie.* Band 6, Leipzig: Duncker & Humblot, 108-110.
- Heinz, Sabine (2002) ‘Ur- und frühgeschichtliche Erkenntnisse in den Arbeiten des Keltologen Julius Pokorny’, in Leube, A./ Hegewisch M. [eagf] *Prähistorie und Nationalsozialismus. Die mittel- und osteuropäische Ur- und Frühgeschichtsforschung in den Jahren 1933–1945.* Heidelberg: Synchron Verlag, 293-304.
- Hofeneder, Andreas (2005) *Die Religion der Kelten in den antiken literarischen Zeugnissen. Band I. Von den Anfängen bis Caesar.* Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Hofeneder, Andreas (2008) *Die Religion der Kelten in den antiken literarischen Zeugnissen. Band II. Von Cicero bis Florus.* Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.

- Hofeneder, Andreas (2011) *Die Religion der Kelten in den antiken literarischen Zeugnissen. Band I. Von Arrianos bis zum Ausklang der Antike*. Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Kavanagh, Séamus/ Wodtko, Dagmar [eag.] (2001) *A lexicon of the Old Irish glosses in the Würzburg manuscript of the epistles of St. Paul*. Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Lerchenmueller, Joachim (1997) ‘Keltischer Sprengstoff’. Eine wissenschaftsgeschichtliche Studie über die deutsche Keltologie von 1900 bis 1945. Tübingen: Max Niemeyer.
- Lülfing, Hans (1972) ‘Holder, Alfred’, in Wagner, Fritz [eag.] *Neue Deutsche Biographie*. Band 9. Berlin: Duncker & Humblot, 525-6.
- Malinowski, Lucjan (1887) *Jan Hanusz: urodzony r. 1858, zmarły w Paryżu dnia 26 lipca 1887 r.* Krakow: Czasu.
- Mullins, Gerry (2007) *Dublin Nazi No. 1. The Life of Adolf Mahr*. Dublin: Liberties.
- Moscati, Sabatino [comhord.] / Frey, Otto Hermann/ Kruta, Venceslas/ Raftery, Barry/ Szabó, Miklós (1991) *The Celts*. Milano: Bompiani.
- ÖBL (1945–) *Österreichisches Biographisches Lexikon 1815–1950*. Herausgegeben von der Österreichischen Akademie der Wissenschaften. Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften. [Ar fáil ag: <http://www.oewa.ac.at/oebi/>, ceadaite 2 Feabhra 2013].
- Ó Dochartaigh, Pól (2004) *Julius Pokorny, 1887–1970. Germans, Celts and Nationalism*. Dublin: Four Courts Press.
- O’Driscoll, Mervyn (2004) *Ireland, Germany and the Nazis. Politics and Diplomacy, 1919–1939*. Dublin: Four Courts Press.
- Ó Lúing, Seán (2000) *Celtic studies in Europe and other Essays*. Dublin: Geography Publications.
- Pauli, Ludwig [eag.] (1980) *Salzburger Landesausstellung 1. Mai–30. Sept. 1980 im Keltenmuseum Hallein Österreich*. Salzburg: Amt der Salzburger Landesregierung.
- Pfeiffer, Oskar E. (1996) ‘75 Jahre Institut für Sprachwissenschaft der Universität Wien – und wie es dazu kam’, *Die Sprache* 38 (3), 3-70.
- Rasche, Hermann (2006) ‘Ludwig Bieler’, in Holfter, Gisela M.B. [eag.] *German-speaking Exiles in Ireland 1933–1945*. Amsterdam/ New York: Rodopi, 171-214.

- Reichert, Hermann (2002) ‘Rudolf Much’, in Beck, Heinrich et al. [eagí] *Reallexikon der Germanischen Altertumskunde. Band 20: Metuonis – Naturwissenschaftliche Methoden.* (2., völlig neu bearbeitete und stark erweiterte Auflage). Berlin: de Gruyter, 273-9.
- Schüller, Dietrich [eag.] (2003) *Tondokumente aus dem Phonogrammarchiv der Österreichischen Akademie der Wissenschaften. Gesamtausgabe der historischen Bestände 1899-1950. Series 5/2: The Collections of Rudolf Trebitsch. Celtic Recordings – Ireland, Wales Brittany, Isle of Man, and Scotland (1907–09)* [Trí dhlúthdhiosca + leabhairín (146 leathanach)]. Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Schumacher, Stefan (2004) *Die keltischen Primärverben. Ein vergleichendes, etymologisches und morphologisches Lexikon.* Innsbruck: Institut für Sprachen und Literaturen.
- Sievers, Susanne/ Urban, Otto/ Ramsl, Peter (2012) *Lexikon zur keltischen Archäologie.* Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Simek, Rudolf (1997) ‘Much, Rudolf’, in Wagner, Fritz [eag.] *Neue Deutsche Biographie.* Band 18. Berlin: Duncker & Humblot, 250-1.
- Stephan, Annike/ Gosling, Paul (2004) ‘Adolf Mahr (1887-1951): His Contribution to Archaeological Research and Practice in Austria and Ireland,’ in Holfter, Gisela/ Krajenbrink, Marieke/ Moxon-Browne, Edward [eagí] *Beziehungen und Identitäten: Österreich, Irland und die Schweiz/ Connections and Identities: Austria, Ireland and Switzerland.* Bern, Berlin srl.: Peter Lang, 105-119.
- Stifter, David (2006) *Sengoídelc. Old Irish for Beginners.* Syracuse, NY: Syracuse University Press.
- Stifter, David (2007) ‘Christian Wilhelm Ahlwardt, Stephan Ladislaus Endlicher und Johann Heinrich August Ebrard im Kontext der Keltologie des 19. Jhs.’, in Hablitzel, Hans/ Stifter, David [eagí], *Johann Kaspar Zeuß im kultur- und sprachwissenschaftlichen Kontext (19. bis 21. Jahrhundert), Kronach 21.7.–23.7.2006.* Wien: Praesens Verlag, 209-53.
- Stokes, Whitley/ Strachan, John (1901-3) *Thesaurus Palaeohibernicus. A Collection of Old-Irish Glosses Scholia Prose and Verse.* 2 vols. Cambridge University Press.

- Tomaschitz, Kurt (2002) *Die Wanderungen der Kelten in der antiken literarischen Überlieferung*. Wien: Verlag der Österreichischen Akademie der Wissenschaften.
- Wallace, Patrick F. (2007) ‘An Error of Judgement: Rescuing Adolf Mahr’s Contribution to the National Museum of Ireland,’ in Dungan, Myles [eag.] (2007) *Speaking Ill of the Dead*. Dublin: New Island, 167-211; 247.